

MfG
MUSIC *for* GALWAY

# Ó Ghaillimh chuig na Ceithre hAirde

## STRAITÉIS

2023 - 2026




**BUÍOCHAS:**

Ba mhaith le MfG buíochas a ghabháil leis na daoine uile a thóg an t-am le páirt a ghlacadh in agallaimh duine le duine agus i seisiúin ghrúpa, agus leis na ceistneoirí a líonadh amach. Níorbh fhéidir tabhairt faoi seo murach sibhse.

Coiste Stiúrtha na Straitéise:

Suzanne Black, Riarthóir Cláir
Cyril Briscoe, Comhalta den Bhord Stiúrtha
Finghin Collins, Stiúrthóir Ealaíne
Anna Lardi, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Mark Gantly, Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha

Comhairleoir:
Mary Carroll, Growth Potential

Bord Stiúrtha Music for Galway

Mark Gantly, cathaoirleach
Delia Breathnach | Cyril Briscoe | Liz McConnell | Claire McLaughlin
Cathal O'Donoghue | Anne Ó Maille | Dan Shields | Ludmila Snigireva

Ba le Deontas Acmhainne ón gComhairle Ealaíon a cuireadh an plean straitéiseach seo ar fáil.

Tá Music for Galway á mhaoiniú ag na comhlachtaí seo a leanas: An Chomhairle Ealaíon, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Ciste Eoraip na Cruthaitheachta do Thionscadail Chomhair.

Aistriúchán: Philip Fogarty
Dearadh: Ray McDonnell

# Clár na nÁbhar

BROLLACH . . . . . . . . . . 2

PRÓISEAS . . . . . . . . . . 4

FÍS . . . . . . . . . . 6

MISEAN . . . . . . . . . . 6

LUACHANNA . . . . . . . . . . 6

CUSPÓIR THAR 3 BLIANA . . . . . . . . . . 8

AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA, TOMHAIS & GNÍOMHARTHA . . . . . . . . . . 10

CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE . . . . . . . . . . 14

ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS . . . . . . . . . . 14





# Brollach

**“EAGRAÍOCHT RIGHIN NEAMHSPLEÁCH Í MUSIC FOR GALWAY, CARTHANACHT A BHFUIL AN DAONCHAIRDEAS INA BHUNCHLOCH AICI…”**



**SA PHLEAN STRAITÉISEACH SEO LEAGTAR AMACH CLÁR MUSIC FOR GALWAY I gCOMHAIR NA dTRÍ BLIANA ATÁ ROMHAINN. IS TORADH É AR AN ATHBHREITHNIÚ CUIMSITHEACH LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR SHRAITH CEARDLANN A CUIREADH AR SIÚL THAR THRÉIMHSE CEITHRE MHÍ, A RAIBH BAINT AG AN gCOISTE FEIDHMIÚCHÁIN AGUS AG AN mBORD ARAON LEO.**

Sa phlean straitéiseach seo leagtar amach clár Music for Galway i gcomhair na dtrí bliana atá romhainn. Is toradh é ar an athbhreithniú cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara agus ar shraith ceardlann a cuireadh ar siúl thar thréimhse ceithre mhí, a raibh baint ag an gcoiste feidhmiúcháin agus ag an mbord araon leo.

Eagraíocht righin neamhspleách í Music for Galway, carthanacht a bhfuil an daonchairdeas ina bhunchloch dá seasmhacht aici, agus í 42 bliain ar an bhfód i mbliana. Sárléargas ar an teacht aniar ar leith atá ag an eagraíocht ná an chaoi ar éirigh léi le linn na paindéime. Maidir leis na heachtraí a beartaíodh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa le linn na bliana 2020, d'éirigh le Music for Galway an clár ar fad, nach mór, a chur i láthair. Níorbh í an rogha ab ansa linn na ceolchoirmeacha a chur i láthair ar líne, ach tapaíodh an deis chun scileanna is comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt, agus thaitin an clár go mór lenár lucht éisteachta.

Ba mhéadú suntasach é clár 2020 maidir lenár gcuid gníomhaíochtaí. Chuir sé roinnt mhór deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí Éireannacha is idirnáisiúnta araon, agus ba rún linn riamh é go mbeadh an méadú seo ina thúsphointe nua d'fhorbairt na heagraíochta sna blianta amach romhainn. An sampla is soiléire ina leith seo ná ár bhféile CELLISSIMO, ach samhlaítear deiseanna eile ann chomh maith. Is togra iontach é Songs of Travel, clár nua a dearbhaíodh le déanaí mar thionscadal atá faoi choimirce Creative Europe; Music for Galway atá ina phríomhpháirtí ar an mórchomhpháirtíocht idirnáisiúnta sin.

Ba mhór an spreagadh dúinn é an t-aiseolas a fuaireamar ónár gcuid páirtithe leasmhara. Mhol siad caighdeán is scála na gclár atá againn, ach dúirt go raibh siad buartha nach rabhamar "i lár an aonaigh" leis. Dá bhrí sin, tá an chumarsáid ina dlúthchuid den phlean seo - an scéal a scaipeadh maidir lena mbíonn ar siúl againn, ach go háirithe chucu siúd nár fhreastail riamh ar cheolchoirm, seans, nó nach bhfuil ar an eolas fúinn. I ndeireadh na dála is mian linn go n-aithneofar Music for Galway i súile an phobail mar chuid lárnach thábhachtach d'fhéiniúlacht na Gaillimhe mar chathair na n-ealaíon is an chultúir.

Má tá infheistiú á dhéanamh againn i bhfiontair nua ní chuirfidh sé seo isteach ar chaighdeán an mhéid atá ar siúl againn faoi láthair. Go deimhin féin, is rún linn tuilleadh fós a dhéanamh maidir le cur i láthair an ábhair seo, lena chinntiú go mbeidh caighdeán na gceolchoirmeacha, atá gan cheist, agus caighdeán eispéireas iomlán an lucht éisteachta ag na ceolchoirmeacha sin ar aon ardleibhéal amháin.

Ní mór dúinn aird a thabhairt ar cheist na hInbhuanaitheachta. Cur chuige stuama cruthaitheach atá uainn. Tá an inbhuanaitheacht ina croílár den togra Songs of Travel, agus an taisteal inbhuanaithe ina riachtanas ag an scéim. Cabhróidh an clár seo linn teacht ar shlite oibre nua a ligfidh dúinn cláir a chur i láthair a mbeidh laghdú suntasach iontu ar aon droch-thionchar ar an timpeallacht.


Agus an fhorbairt ar siúl againn, tá sé tábhachtach go dtógfar eagraíocht a mbeidh ar a cumas aici dul i ngleic leis an méadú seo. Chun é seo a bhaint amach ní mór comhpháirtíochtaí a chruthú, ach ina theannta sin caithfimid infheistiú a dhéanamh inár bhfoireann féin, go mbraithfidís go bhfuil na hacmhainní acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua seo. Is mór an phribhléid í go bhfuil coiste feidhmiúcháin chomh láidir sin againn, agus bord tiomanta díograiseach ar a chúl. Déanfaimid deimhin de go mbraithfidh an fhoireann go bhfuil tacaíocht a ndóthain acu, agus deiseanna fáis agus forbartha ann dóibh chomh maith.

Táimid ar bís leis an bplean seo a chur faoi bhur mbráid, agus táimid ag súil le bhur n-aiseolas ina leith. Thar aon ní eile táimid ag súil leis na heilimintí uile den phlean seo a chur a fhíorú sna trí bliana atá romhainn amach.



# Próiseas

**"...DÚSHLÁIN A D'FHÉADFADH A BHEITH LE SÁRÚ ANN, NA DEISEANNA LE TAPÚ, AGUS RÉIMSÍ A nDÍREOFAR ORTHU THAR NA TRÍ BLIANA AMACH ROMHAINN."**



Cuireadh Meitheal Stiúrtha le chéile a chuimsigh baill d'fhoireann bainistíochta agus de Bhord Music for Galway araon, grúpa a ghlac treoir maidir leis an bpróiseas forbairt straitéise ó chomhairleoir seachtrach, Mary Carroll as Growth Potential.

Rinneadh sainmhíniú ar Fhís, ar Mhisean agus ar Luachanna Music for Galway.

Glacadh comhairle ó scata páirtithe leasmhara, chun cur lenár dtuiscint maidir le treo agus tosaíochtaí sna trí bliana atá amach romhainn. Sa chomhairliúchán seo cuireadh san áireamh seisiún éascaithe leis an mBord; suirbhé ar bhaill den lucht éisteachta; agus seisiúin éascaithe agus agallaimh duine le duine le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha ón taobh amuigh. Táimid fíor-bhuíoch de na páirtithe leasmhara uile as a gcuid ama is ionchuir.

Rinne an Mheitheal Stiúrtha anailís ansin ar an gcomhthéacs ina mbíonn Music for Galway ag feidhmiú agus ar an eagraíocht féin, agus d'aithin dúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú ann, na deiseanna le tapú, agus réimsí a ndíreofar orthu thar na trí bliana amach romhainn.

Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí, ar na dúshláin agus ar na deiseanna a baineadh as comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara, i dteannta na hanailíse a rinneadh ar an gcomhthéacs ina mbíonn Music for Galway ag feidhmiú agus ar an eagraíocht féin, shocraigh an Mheitheal Stiúrtha ar shé réimse a ndíreofar orthu le linn thréimhse na straitéise. Aontaíodh Aidhm Straitéiseach le haghaidh gach réimse.


Aontaíodh chomh maith gníomhartha is tomhais mar léiriú ar an gcaoi a mbainfear amach agus a ndéanfar tomhas ar na hAidhmeanna Straitéiseacha seo. Maidir leis na hAidhmeanna sonracha intomhaiste seo agus leis na gníomhartha thuasluaite ag an leibhéal is airde, is uirlisí ríthábhachtacha iad seo le go mbeifear in ann an dul chun cinn a mheas le cinnteacht, agus go mbeidh daoine ar an eolas faoin mbealach a dtabharfar aghaidh ar an dul chun cinn sin.

Cuireadh críoch le próiseas fhorbairt na straitéise le hathbhreithniú deireanach ón Meitheal Stiúrtha agus ón mBord araon.




# Fís, Misean & Luachanna

**“IS EAGRAÍOCHT NEAMHSPLEÁCH NUÁLACH MHISNIÚIL MUID MAIDIR LE ROGHA TÉAMAÍ, CLÁR, TOGRAÍ, OIRFIDEACH AGUS IONAD.”**



## FÍS

## SUÍOMH NA nEALAÍON GO DEIMHIN ATÁ I gCATHAIR NA GAILLIMHE, AGUS AN CEOL CLASAICEACH AGUS AN CEOL COMHAIMSEARTHA MAR BHUA AR LEITH ANN

## MISEAN

- Oirfidigh den chéad scoth i réimse an cheoil chlasaicigh a chur i láthair, a spreagfaidh muintir agus pobail na Gaillimhe agus daoine in áiteanna níos faide ar shiúl; é a chur ar chumas daoine tuilleadh teagmhála a bheith acu leis an gceol clasaiceach
- Tacú leis an gcruthaitheacht trí dheiseanna forbartha is taibhithe a chur ar fáil d'oirfidigh, trí shaothair nua a choimisiúnú agus tríd an gcomhoibriú idir na foirmeacha ealaíne éagsúla
- Bunchloch a leagan don todhchaí le cláir a chuirfidh deiseanna ar fáil do dhaoine óga ceangal a dhéanamh leis an gceol clasaiceach


## LUACHANNA

- **BARR FEABHAIS:** Cuirimid i láthair clár gníomhaíochtaí a chloíonn leis na caighdeáin ealaíne is airde ar fad, agus déanaimid ár seacht ndícheall, le seiftiúlacht, nuálaíocht agus teacht aniar, gurb amhlaidh a bheidh an scéal i ngach gné dár gcuid oibre
- **MEAS:** Tá meas againn ar gach duine lena gcasaimid, ar na spásanna uile a mbímid ag feidhmiú iontu agus ar an timpeallacht
- **DÁNACHT:** Is eagraíocht neamhspleách nuálach mhisniúil muid maidir le rogha téamaí, clár, tograí, oirfideach agus ionad. Táimid chun tosaigh agus muid ar son na n-ealaíon agus ar son bonneagar ríthábhachtach do na healaíona i nGaillimh
- **POBAL:** Cuireann ár gclár ceoil le saibhreas an phobail fhairsing ina maireann muid. Táimid ionchuimsitheach agus muid ag tarraingt ar phobal ceoil a bhfuil éagsúlacht chultúrtha dhomhanda ann. Tá sé chun tosaigh inár smaointe go mbeadh teacht ag an bpobal uile ar a bhfuil ar siúl againn agus go mbeadh páirt á ghlacadh aige ann



# Cuspóir Thar 3 Bliana

**“BAINFEAR AN SPRIOC SEO AMACH TRÍ FHORBAIRT A DHÉANAMH AR AN LUCHT ÉISTEACHTA, ACH GO hÁIRITHE TRÍ DHAOINE A MHEALLADH CHUN NA gCEOLCHOIRMEACHA DEN CHÉAD UAIR.”**



## CUSPÓIR THAR 3 BLIANA

## GO nIMREOIDH AN EAGRAÍOCHT IS A nOIRFIDIGH TUILLEADH TIONCHAIR AR AN bPOBAL ATÁ Á FHREASTAL AGAINN TRÍNA CHINNTIÚ GO mBEIDH FÁIL NÍOS LEITHNE AR ÁR gCLÁIR

Bainfear an sprioc seo amach trí fhorbairt a dhéanamh ar an lucht éisteachta, ach go háirithe trí dhaoine a mhealladh chun na gceolchoirmeacha den chéad uair. Beimid ag iarraidh cur lenár lucht éisteachta ar bhonn séasúrach agus i gcomhthéacs CELLISSIMO araon, trí dhíriú ar na spriocanna seo a leanas:


- Méadú 30% ar an lucht éisteachta séasúrach
- Lucht éisteachta ag CELLISSIMO 5500 duine
- Méadú soiléir ar líon na ndaoine atá ag freastal ar ócáid Music for Galway den chéad uair [1]

1 Bonnlíne agus sprioc shonrach le socrú



# Aidhmeanna Straitéiseacha, Tomhais & Gníomhartha

"PLÉ AR BHONN LEANÚNACH A BHEITH AGAINN LE BAILL DEN PHOBAL .I. LE MÚINTEOIRÍ CEOIL, GNÓLACHTAÍ, SCOILEANNA, INSTITIÚIDÍ OIDEACHAIS, DAOINE NACH BHFUIL I nGAILLIMH LE FADA, AGUS LEIS AN bPOBAL I gCOITINNE."



## AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA, TOMHAIS & GNÍOMHARTHA

**IS IAD SEO A LEANAS NA hAIDHMEANNA STRAITÉISEACHA LENA nDÉANFAR BEART DE RÉIR AN BHRIATHAIR ATÁ I MISEAN MUSIC FOR GALWAY (MFG) DON TRÉIMHSE 2023-2026. BEARTAÍODH NA TOMHAIS MAR THÁSCAIRÍ SOILÉIRE AR AN gCAOI A nDÉANFAR NA hAIDHMEANNA STRAITÉISEACHA A CHOMHLÍONADH. DÉANANN NA GNÍOMHARTHA CUR SÍOS AR LEIBHÉAL AIRDE AR CONAS A BHAINFEAR AMACH NA hAIDHMEANNA.**

# AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA, TOMHAIS & GNÍOMHARTHA

1

| | |
|---|---|
| **AS1** | **EISPÉIREAS**<br>Déanfaimid gach ócáid a léiriú agus a bhainistiú ó thús deireadh de réir an chaighdeáin a ghabhann leis an mbranda, ag cruthú eispéireas speisialta dár lucht éisteachta |
| **FAOI** | Dheireadh na Bliana 2026 |
| **TOMHAIS** | • Suirbhé bliantúil ar eispéireas an lucht éisteachta<br>• Seiceáil ar shástacht an lucht éisteachta<br>• Cuirfidh an t-athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara don tríú bliain le fios go bhfuil feabhas tagtha ar eispéiris |
| **GNÍOMHARTHA** | • Cloí le hardchaighdeán an chláraithe agus roghnaithe na n-ealaíontóirí, agus muid ag maireachtáil de réir ár luachanna a chuimsíonn an dánacht agus an dul sa seans<br>• Anailís a dhéanamh ar eispéireas iomlán an lucht éisteachta, ón áirithint go dtí go bhfuil an t-ionad fágtha acu<br>• Anailís a dhéanamh ar gach ionad, agus ardleibhéal sa bhrandáil is i luachanna an léiriúcháin a chinntiú<br>• Bealaí a bheartú agus a chur i bhfeidhm chun seiceáil a dhéanamh ag na hócáidí ar shástacht an lucht éisteachta<br>• Deiseanna a aithint is a thapú chun an dlaoi mhullaigh a chur ar gach ócáid<br>• Athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara a bheartú agus a chur i bhfeidhm |

2

| | |
|---|---|
| **AS2** | **CUMARSÁID**<br>Déanfaimid tuilleadh daoine a chur ar an eolas faoi MfG agus a chuid gníomhaíochtaí, ar bhonn logánta agus ar fud na tíre |
| **FAOI** | DnB 2026 |
| **TOMHAIS** | • Tomhais ar an bhfeachtas caidreamh poiblí - mar shampla, méid na dtagairtí sna meáin uile<br>• Príomhtháscairí feidhmíochta ar an bhfeachtas margaíochta - mar shampla, an raon digiteach |
| **GNÍOMHARTHA** | • Suirbhé ar fheasacht - tagarmharcáil is tomhais maidir le suíomh idirlín is cumarsáid/clúdach faoin gcéad ráithe 2023<br>• Plean margaíochta do na trí bliana agus buiséad ina leith a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, a chuimseoidh tomhais is anailísíocht ar ghníomhaíochtaí i réimse an chaidrimh phoiblí. San áireamh:<br>– Tuilleadh feasachta maidir le branda MfG a chothú le tuilleadh láithreachta i meáin chumarsáide an ghnáthshaoil<br>– Treoirlínte a fhorbairt maidir le húsáid an bhranda<br>– Tuilleadh feiceálachta ag MfG agus ag an bhfoireann i bpobal na n-ealaíon i gcoitinne<br>– An tairiscint ar leith atá ag MfG a fhorbairt agus a chur in iúl<br>• Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an bplean margaíochta |

3

| | |
|---|---|
| **AS3** | **MUINTEARAS**<br>Aithneofar muid mar chuid de dhlúth agus d'inneach na Gaillimhe |
| **FAOI** | DnB 2026 |
| **TOMHAIS** | • Beidh aithne níos fearr fós ar MfG mar chuid de dhlúth agus d'inneach na Gaillimhe, mar a dhearbhóidh ár bpáirtithe leasmhara faoin mbliain 2026 |
| **GNÍOMHARTHA** | • Plé ar bhonn leanúnach a bheith againn le baill den phobal .i. le múinteoirí ceoil, gnólachtaí, scoileanna, institiúidí oideachais, daoine nach bhfuil i nGaillimh le fada, agus leis an bpobal i gcoitinne, chun teacht ar an rud a chiallaíonn Gaillimh dóibhsean, cad iad na rudaí a bhfuil meas acu orthu, na dúshláin atá rompu agus céard ab áil leo as MfG<br>• Ócáidí for-rochtana agus cláir a chur le chéile agus a chur ar fáil de thoradh an phlé<br>• Comhoibriú le scoileanna ceoil is le ensemble amaitéaracha go mbeidís páirteach i gcláir ar leith |

4

| | |
|---|---|
| **AS4** | **COMHOIBRIÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ**<br>Oibreoimid le heagraíochtaí eile go bhfaighimid inspioráid óna chéile, chun acmhainní a chur le chéile, ar mhaithe leis an bpiarfhoghlaim, agus chun dul i gcion ar phobal níos leithne go logánta agus ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| **FAOI** | DnB 2026 |
| **TOMHAIS** | • Tuarascáil airgeadais bhliantúil maidir leis an mbealach a ndéantar acmhainní a roinnt<br>• Doiciméadú agus athbhreithniú déanta ar bhonn bliantúil ag an mBord ar gach comhpháirtíocht |
| **GNÍOMHARTHA** | • Caidrimh comhoibrithe is comhpháirtíochtaí a lorg go gníomhach a mbíonn tairbhe iontu don dá thaobh<br>• Sainmhíniú a dhéanamh ar na comhaontuithe le gach comhpháirtí, agus iad a chur i bhfeidhm<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar na comhaontuithe leis na comhpháirtithe<br>• Doiciméadú agus athbhreithniú le bheith déanta go bliantúil ag an mBord ar gach comhpháirtíocht |

5

| | |
|---|---|
| **AS5** | **FORBAIRT NA HEAGRAÍOCHTA**<br>Beidh sé ar ár gcumas, idir dhaonchumhacht agus mhaoiniú, ár gcuid mianta a bhaint amach de réir an scála atá beartaithe againn |
| **FAOI** | DnB 2026 |
| **TOMHAIS** | • Beidh dóthain foirne ann chun an plean bliantúil a bhaint amach<br>• Beidh dóthain ioncaim ann chun freastal ar an straitéis<br>• Infheistiú san Fhorbairt Ghairmiúil ar bhonn Leanúnach (FGL): €5000 ar a laghad in aghaidh na bliana<br>• Measúnú agus tagarmharcáil ar bhonn bliantúil<br>• Féinmheasúnú an Bhoird ar bhonn bliantúil (1/2 lá) |
| **GNÍOMHARTHA** | • Measúnú bliantúil ar an ualach oibre, ar an méid daoine atá ag teastáil, agus ar riachtanas FGL, an uasoiliúint maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil san áireamh<br>• Measúnú bliantúil agus tagarmharcáil ar thurastail<br>• Cur le foinsí ioncaim agus iad a chothú<br>• Measúnú bliantúil ar an gceist 'Déan seachas Ceannaigh' i dtaobh riachtanas áirithe maidir leis an ualach oibre<br>• Pleananna FGL a chur i bhfeidhm<br>• Ceardlann a reáchtáil leis an mBord is leis an gCoiste Feidhmiúcháin maidir le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe<br>• Féinmheasúnú an Bhoird ar bhonn bliantúil (1/2 lá) |

6

| | |
|---|---|
| **AS6** | **INBHUANAITHEACHT**<br>De thoradh ár dtogra Songs of Travel beimid ag obair ar bhealach inbhuanaithe, agus ár lucht éisteachta á mhealladh againn as sin chun iad féin a iompar ar an mbealach céanna |
| **FAOI** | DnB 2026 |
| **TOMHAIS** | • Lorg carbóin MfG agus laghdú sna hastaíochtaí - sprioc bunaithe ar thagarmharcáil<br>• Méadú ar líon na gceolchoirmeacha/líon na ndaoine ag na ceolchoirmeacha in aghaidh aistear na n-oirfideach<br>• Baineann Songs of Travel amach spriocanna maidir le hathrú iompair agus lorg carbóin / polasaithe inbhuanaitheachta maidir leis an gcomhshaol, i gcás na bhféilte atá i gcomhpháirtíocht linn<br>• Athbhreithniú bliantúil ar pholasaí inbhuanaitheachta MfG |
| **GNÍOMHARTHA** | • Tagarmharcáil a dhéanamh ar MfG maidir leis an inbhuanaitheacht i gcomparáid le heagraíochtaí eile<br>• Clár Songs of Travel a fhíorú<br>• Polasaí tagartha inbhuanaitheachta do MfG a chruthú agus a chur i bhfeidhm<br>• Tacú le taisteal ar bheagán carbóin d'oirfidigh<br>• Machnamh a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfadh an teicneolaíocht is an nuálaíocht freastal a dhéanamh ar ár gclár oibre i dtaobh na hinbhuanaitheachta |



# Cur i bhFeidhm na Straitéise / Athbhreithniú ar an Straitéis

"CHUN AN PLEAN STRAITÉISEACH A CHUR I bhFEIDHM I gCEART, NÍ MÓR É A BHEITH AR CHÚL GACH A mBÍONN AR SIÚL AG MUSIC FOR GALWAY, AGUS NÍ MÓR A BHFUIL AR SIÚL GO LATHÚIL AGAINN A NASCADH LEIS AN STRAITÉIS"



## CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE

**Chun an plean straitéiseach a chur i bhfeidhm i gceart, ní mór é a bheith ar chúl gach a mbíonn ar siúl ag Music for Galway, agus ní mór a bhfuil ar siúl go lathúil againn a nascadh leis an straitéis.**

Chun é seo a bhaint amach, forbrófar plean feidhmíochta atá bunaithe ar an straitéis, chomh maith leis na cuspóirí agus tomhais feidhmíochta do na fostaithe uile.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé ar ár gcumas dul i ngleic le dinimicí is le cúinsí agus iad ag athrú, mar sin caithfidh an solúbthacht a bheith ina bunghné den straitéis. Beidh athbhreithniú ar an timpeallacht laistigh is lasmuigh ina chuid den chur i bhfeidhm agus den phróiseas athbhreithnithe agus nuair is gá, d'fhéadfadh athrú nó athchalabrú a bheith i gceist. Tá sé riachtanach go mbeadh comhaontú is cumarsáid ríshoiléir ann i gcónaí ann i dtaobh na n-athruithe seo agus na réasúnaíochta a ghabhann leo, agus maidir le pé leasú, más ann, a dhéantar dá mbarr ar phleananna feidhmíochta nó ar chuspóirí ar leith.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS

**Is faoi mhaoirseacht an Bhoird é cur i bhfeidhm na straitéise atá ag Music for Galway, agus tacaítear leis seo trí phróiseas cruinnithe Boird ina gcuireann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin is an fhoireann bainistíochta an t-eolas is déanaí ar fáil go rialta i dtaobh gach a mbaineann le straitéis, le hairgeadas is le feidhmiú.**

I gcur i bhfeidhm na Straitéise seo, déanfar an dul chun cinn a rianú agus a thuairisciú mar seo a leanas:

- Bord Music for Galway a choimeád ar an eolas go rialta maidir le garspriocanna sa phlean feidhmíochta, spriocanna eile agus príomhtháscairí feidhmíochta
- Athbhreithniú bliantúil ar an straitéis agus ar na tomhais uile le déanamh ag an mBord is ag an bhFoireann Bainistíochta
- Tuarascálacha Bliantúla le Music for Galway
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- An t-eolas is déanaí a roinnt le páirtithe leasmhara ag an gcruinniú cinn bhliana, ag gnáthchruinnithe, agus trí bhealaí inmheánacha cumarsáide agus trí thuairisciú rialta

